CLUAIN FEARTA, AN GHAILLIMH, CILL MHIC DHUACH AGUS CILL FHIONNÚRACH

Le Chéile

2026

TIONÓL DO BHAILL NA GCOMHAIRLÍ TRÉADACHA PARÓISTE



Éirígí le dóchas agus fógraígí an Soiscéal

Nuachtlitir do Chomhairlí Tréadacha Paróiste

FÁILTE ÓN EASPAG MICHEÁL

Tá todhchaí lenár bparóistí



Is mór an t-údar misnigh dom go bhfuil sibh sásta freastal ar bhur bpobal mar bhaill den Chomhairle Thréadach Pharóiste. Tá bhur seirbhís agus bhur ndílseacht fíorluachmhar. Is minic a dhéantar an obair seo i ngan fhios don saol, ach tá sí ríthábhachtach. Gabhaim buíochas le Dia as díograis agus ministreacht ár sagart i gcúinsí atá dúshlánach. Tá an-mheas agam freisin ar bhur bhflaithiúlacht mar pharóistigh agus ar bhur dtoilteanas chun seirbhíse. Freagra ar ghlaoch Dé atá ann, díreach mar atá sa tsagartacht féin. Tá sibh ag tabhairt sampla den dea-thoil agus den tseirbhís Chríostaí a theastaíonn sa saol inniu. Guím go leanfaidh an Spiorad Naomh de bheith do bhur spreagadh san obair atá romhaibh. Guím freisin go ngríosóidh Dia daoine eile chun cuidiú libh agus chun an obair a thabhairt ar aghaidh nuair a bheidh bhur dtéarma féin caite.

Tá mé lánchinnte go mbeidh beocht an pharóiste amach anseo ag brath go mór ar chreideamh, ar dhíograis, ar fhís agus ar chumas a Chomhairle Tréadaí. Faoi cheann fiche bliain, d'fhéadfadh níos lú ná deichniúr sagart áitiúil a bheith ag freastal ar ár gceithre pharóiste is seasca. Má tá ár bparóistí le fanacht ina n-ionaid chreidimh, beidh ar dhaoine creidimh sa bpobal seasamh lena bparóiste. Beidh orthu comhoibriú níos dlúithe leis na paróistí eile ina gceantar freisin. Caithfidh muid aire a thabhairt dá bhfuil againn, ár bpobail a athnuachan agus cuidiú leo fás ina bpobail bheoga, fháilteacha a mheallfaidh daoine atá ag lorg brí agus dóchais ina saol. Teastaíonn obair dhícheallach chuige sin. Ní neart go cur le chéile. Le chéile is fearr sinn. Beidh díograis, íobairt agus flaithiúlacht ag teastáil. Thar aon rud eile, beidh creideamh ag teastáil. Tá todhchaí lenár bparóistí, ach beidh sí ag brath go mór ar na daoine atá bailithe anseo inniu.

Léiríonn cruinniú an lae inniu an chaoi a bhfuil muid ag siúl le chéile mar phobal sna deoisí. Tá muid le chéile mar easpag, mar shagairt agus mar phobal: aon phobal Dé amháin. Tá muid ar comhchéim tríd an mBaisteadh, faoi inspioráid an Spioraid Naoimh agus tugtha dár bpobail áitiúla chreidimh. Tá buanna éagsúla againn, ach tá aon mhisean amháin againn. Tá muid aontaithe sa chreideamh agus sa tseirbhís. Tá súil agam go neartóidh an lá seo an ceangal eadrainn mar phobal deoise. Ba mhaith liom go mbeadh a fhios agaibh go bhfuil daoine eile ag seasamh libh san obair. Níl aon duine againn ag obair ina aonar. Tá súil agam go dtabharfaidh an lá smaointe úra, fuinneamh agus tacaíocht phraiticiúil dúinn, agus go bhfillfidh muid ar ár bparóistí le tuiscint níos doimhne ar ár misean. Guím fuinneamh úr, misneach agus dóchas oraibh. Le chéile, éirígí le dóchas inár bparóistí, inár gceantair chreidimh agus ar fud ár ndeoisí.

DON CHÉAD CHRUINNIÚ EILE

01 Cén fhreagracht atá orainn as todhchaí ár bparóiste?

02 Cén plean atá againn le daoine nua a thabhairt isteach san obair?

MACHNAMH ÓN TIONÓL

Ar iompar go hÍosa

Rinne Paula machnamh ar scéal an fhir phairilisigh a thug ceathrar go dtí Íosa ar shínteán (Marcas 2:1–12). Bhí an slua chomh mór sin nár fhéad siad teacht ina ghar. D'oscail siad an díon os cionn Íosa agus d'ísligh siad an fear chuige. Nuair a chonaic Íosa a gcreideamh, shín sé amach chuige agus leigheas é, rud a chuir iontas ar an slua. Chuir Paula ár bparóistí, lena láidreachtaí agus lena laigí, i gcomparáid leis an bhfear sin. Tá daoine óga agus daoine scothaosta, teaghlaigh, daoine tinne agus daoine atá faoi bhrú ag lorg treorach, brí agus leighis. Cé a thabharfaidh go dtí Íosa iad? Cé atá ag iompar mhuintir an pharóiste faoi láthair? Mhol Paula go mb'fhéidir gurb í an Chomhairle Thréadach a chaithfeadh greim a fháil ar an sínteán. Nuair nach n-oibríonn na seanbhealaí a thuilleadh, caithfidh an Chomhairle bealaí úra a aimsiú le muintir an pharóiste a thabhairt i láthair Íosa, áit ar féidir athrú croí a theacht orthu.



DON CHÉAD CHRUINNIÚ EILE

01 Cén chaoi a dtugann ár gComhairle Thréadach daoine go dtí Íosa?

02 An bhfuil obair á déanamh againn ar cheart dúinn éirí aisti?

03 Cé na bealaí úra a d'fhéadfadh muid a thriail?

Fíonghoirt Bordeaux

Chuir Paula clabhsúr ar an lá le machnamh pearsanta ar chuairt a thug sí ar fhíonghoirt Bordeaux. Chuir sé iontas uirthi go raibh rósanna curtha d'aon ghnó idir na sraitheanna fíniúnacha. Mhínigh an treoraí go dtugann na rósanna rabhadh luath má bhíonn fadhb le sláinte na bhfíniúnacha nó an fhíonghoirt. Rinne Paula nasc leis an bparóiste: b'fhéidir go léiríonn sláinte na Comhairle Tréadaí sláinte an pharóiste féin. Chríochnaigh sí le smaoineamh dóchasach. Má bhíonn Comhairle dhíograiseach, ghníomhach ann a thagann le chéile go rialta, is comhartha maith é do shaol agus do thodhchaí an pharóiste.

DON CHÉAD CHRUINNIÚ EILE

01 Cén chaoi a bhfuil ag éirí lenár gComhairle Thréadach?

02 An bhfuil muid bunaithe i gceart, ag teacht le chéile go rialta agus ag baint ár gcuid aidhmeanna amach?

03 An bhfuil tús úr ag teastáil ón gComhairle?

TAITHÍ NA BPARÓISTÍ

Éisteacht roimh athrú



Ionadaithe na bparóistí i mbun plé ag Le Chéile.

Tionól paróiste

Mhínigh Comhchomhairle Thréadach Ard Raithin, Chill Chríost agus Thobar Pheadair an chaoi ar fhógair agus ar eagraigh siad tionól do mhuintir na bparóistí. Bhí deis ag daoine plé a dhéanamh ar na rudaí a d'fhéadfaí a dhéanamh le saol creidimh an phobail a chothú.

Athruithe móra

Labhair Pobal Creidimh Oirthear Chathair na Gaillimhe — Mervue, Ballybane, Renmore, Good Shepherd agus Castlegar — faoin ualach a bhí ar na sagairt a bhí ag freastal ar na paróistí sin. Chuaigh siad i gcomhairle leis na paróistigh agus leis na Comhairlí Tréadacha. Mar thoradh air sin, laghdaíodh líon na nAifreann deireadh seachtaine ó chúig cinn déag go hocht gcinn.

DON CHÉAD CHRUINNIÚ EILE

01 An bhfuil a fhios againn céard atá ag teastáil ó mhuintir an pharóiste?

02 An bhféadfadh muid tionól mar seo a eagrú?

DON CHÉAD CHRUINNIÚ EILE

01 Ar bhreathnaigh muid ar chlár ár nAifreann le gairid?

02 Dá mbeadh níos lú Aifreann ann, an bhféadfaí acmhainní a roinnt níos fearr agus an ceiliúradh a shaibhriú?

AN CREIDEAMH A CHUR AR AGHAIDH

An scoil agus an paróiste





Ceol ag an tionól agus an cur i láthair faoin gceangal idir scoileanna Caitliceacha agus paróistí.

Oiliúint sa chreideamh sa pharóiste

Mhínigh an pobal Sírea-Malancárach an chaoi a gcuireann an pobal Caitliceach Indiach seo teagasc creidimh agus caiticéis ar fáil do ghasúir agus do dhaoine óga chuile Dhomhnach roimh an Aifreann. Tugann sé deis aithne a chur orthu, an creideamh a roinnt leo agus siúl lena n-ais ar a n-aistear creidimh. Tugtar tacaíocht dá dtuismitheoirí ar an aistear sin freisin.

Ceangal leis na scoileanna

Tá scoil Chaitliceach amháin ar a laghad i bhformhór na bparóistí. Labhair Claire Hynes agus an Monsignor Cathal Geraghty faoi na hathruithe atá ag tarlú agus faoin deis atá ann an scoil agus an paróiste a thabhairt níos gaire dá chéile. D'iarr siad ar chuile Chomhairle Thréadach duine a ainmniú le teagmháil a choinneáil leis na scoileanna Caitliceacha áitiúla agus an ceangal idir an scoil agus an paróiste a neartú.

DON CHÉAD CHRUINNIÚ EILE

01 Cén chaoi a gcuireann ár bparóiste an creideamh ar aghaidh?

02 Cén chaoi a n-ullmhaíonn ár bparóiste daoine don Bhaisteadh, don Chéad Fhaoistin, don Chéad Chomaoineach agus don Chóineartú?

DON CHÉAD CHRUINNIÚ EILE

01 An bhfuil ainmneacha na scoileanna Caitliceacha sa bparóiste ar eolas againn?

02 Cén chaoi a mbeadh an scoil níos páirtí i saol an pharóiste, agus an paróiste i saol na scoile?

03 An bhféadfadh muid duine a ainmniú mar Theagmhálaí Scoileanna Caitliceacha?

SEIRBHÍS INÁR BPARÓISTÍ

An óige agus seirbhís sa pharóiste





Rannpháirtithe in obair na hóige agus cur i láthair faoi dheiseanna seirbhíse sa pharóiste.

Obair leis an óige

Tá tionscnamh nua curtha ar bun sna deoisí: Seirbhísí Séiplíneachta Óige Caitlicí Chluain Fearta agus na Gaillimhe. Tá sé mar aidhm acu tacú le daoine óga agus siúl lena n-ais ar a n-aistear creidimh. Mhínigh an tAthair Declan Lohan, séiplíneach agus stiúrthóir na seirbhísí, go bhfuil freagracht orainn mar phobal creidimh freagra a thabhairt ar na ceisteanna atá ag daoine óga faoin saol agus faoin gcreideamh. Caithfidh muid tacú leo agus iad ag lorg brí agus cuspóra ina saol. Rinne sé cur síos ar obair atá ar siúl cheana féin agus ar thograí atá sé ag súil a thabhairt chun cinn. D'iarr sé ar chuile Chomhairle Thréadach duine a ainmniú le ceangal a chothú le hóige an pharóiste. D'fhéadfadh duine óg a bheith ann, nó duine a bhfuil cion aige ar an óige, a bheadh sásta obair leis an Athair Declan ar Fhóram Óige na nDeoisí. Leag sé béim freisin ar áit na bhfreastalaithe altóra i ministreacht óige an pharóiste.

Deiseanna seirbhíse

Le cúpla bliain anuas, tá An Ghailíl, ár nIonad Oiliúna don Mhisean agus don Mhinistreacht, ag tacú le hoiliúint do thuataí agus do shagairt le tabhairt faoi obair nua. Labhair an tAthair Gerard McCarthy faoi dheiseanna seirbhíse do mhná agus d'fhir sna paróistí: ministrí Comaoineach, léitheoirí an Bhriathair, cúram na n-easlán, sochraidí agus tacaíocht do dhaoine atá faoi bhrón, obair leis an óige, cabhair do dhaoine bochta, grúpaí urnaí, an liotúirge a stiúradh, teagmháil le scoileanna agus teagasc creidimh. Tá súil go nglacfar le hiarratais in earrach 2027 ar chúrsa nua creidiúnaithe, páirtaimseartha dhá bhliain: Dioplóma sa Mhinistreacht Thréadach. Ullmhóidh sé daoine le tabhairt faoin obair seo ina bparóistí.

DON CHÉAD CHRUINNIÚ EILE

01 Cén chaoi a ndéanann ár bparóiste teagmháil le daoine óga?

02 An bhfuil freastalaithe altóra againn? Cén chaoi a bhféadfadh muid an obair seo a neartú, nó tús a chur léi?

03 An bhféadfadh muid duine a ainmniú mar Theagmhálaí Óige?

DON CHÉAD CHRUINNIÚ EILE


01 Cén obair nua a rachadh chun tairbhe dár bparóiste?

02 Cén chaoi a gcuirfeadh muid tús léi?

03 An bhféadfadh muid beirt atá sásta tabhairt faoin gcúrsa páirtaimseartha dhá bhliain a ainmniú?

ATHSTRUCHTÚRÚ AGUS ATHNUACHAN

Ceantair Chreidimh atá molta



Grúpaí paróistí atá molta. Tá tuilleadh plé agus leasaithe le déanamh orthu.

Beidh todhchaí go leor dár bparóistí ag brath ar a gcumas comhoibriú lena chéile. Tá Ceantair nua Phobal Creidimh, ina mbeadh grúpaí paróistí in ann seasamh ar a mbonn féin, molta ag Coiste Athstruchtúraithe agus Athnuachana na nDeoisí. Tá an obair seo fós idir lámha. Beidh tuilleadh machnaimh agus leasaithe ag teastáil de réir a chéile.

DON CHÉAD CHRUINNIÚ EILE

01 Cé na buntáistí a fheiceann muid le paróistí a bheith ag obair le chéile?

02 Cén obair a d'fhéadfadh muid a dhéanamh leis na paróistí eile sa ghrúpa atá molta dúinn?

03 Cén tuairim ba mhaith linn a chur chuig an Athair Gerard McCarthy ag gmccathy@anghailil.ie?

URNAÍ

Urnaí roimh chruinniú den Chomhairle Thréadach Pharóiste

ULLMHÚCHÁN

Ainmnigh duine leis an urnaí a eagrú. Cuir áit urnaí le chéile a mbeidh chuile dhuine in ann a fheiceáil. D'fhéadfadh Bíobla a bheith ann mar chomhartha ar theachtaireacht an tSoiscéil, coinneal mar chomhartha go bhfuil Dia inár measc, agus pictiúr d'Íosa, de Mhuire nó de naomh a bhfuil baint aige leis an bparóiste. Is leor trí nó ceithre rud.

Ceannaire In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.

Cách Amen.

Ceannaire Fanfaidh muid tamall inár dtost
agus cuimhneoidh muid go bhfuil Dia anseo linn.

Fanann an grúpa ina thost ar feadh nóiméid nó dhó. Lasann duine den ghrúpa an choinneal lena linn.

Duine eile A Athair neamhaí,
tá muid bailithe le chéile le saol creidimh ár bparóiste a phlé.
Iarraimid ort do Spiorad Naomh a chur anuas ar chuile dhuine anseo.

Tabhair eagna agus tuiscint, misneach agus samhlaíocht dúinn don chruinniú seo. Cuidigh linn éisteacht le do ghuth agus a thuiscint céard atá tú ag iarraidh orainn anois.

Guímid ar son mhuintir an pharóiste, go háirithe iad siúd a fuair bás le gairid *(is féidir iad a ainmniú)*.
Go nglaca Íosa chuige iad sa bheatha shíoraí.

Guímid ar son na ndaoine inár measc atá tinn nó faoi bhrú *(is féidir iad a ainmniú)*. Go dtuga Íosa leigheas agus cabhair dóibh.

Guímid ar son ár ndaoine óga. Go spreaga Íosa iad.

Guímid ar son na ndaoine atá ag lorg brí agus treorach sa saol.
Go dtreoraí Íosa iad.

A Athair, tabhair neart dúinn na cinntí a dhéanann muid a chur i bhfeidhm agus an obair a ghlacann muid orainn féin i d'ainm a dhéanamh.

Agus Muire, ár Máthair, lenár n-ais, iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. Amen.

BEANNACHT

Sagart Go mbeannaí Dia uilechumhachtach muid inár gcuid oibre,
an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh.

Cách Amen.

Sagart Molaimis an Tiarna.

Cách Buíochas le Dia.